Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7638/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0074(COD)**

**COPEN 73**
**EUROJUST 4**
**JAI 401**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 143 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse ama chun córas bainistithe cásanna Eurojust a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 143 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 143 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.4.2025
COM(2025) 143 final

2025/0074 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse ama chun córas bainistithe cásanna Eurojust a bhunú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tacaíonn Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, leis an gcomhar agus leis an gcomhordú idir na húdaráis inniúla náisiúnta maidir le cásanna tromchúiseacha coireachta trasteorann a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Tá Comhalta Náisiúnta an Bhallstáit a iarrann tacaíocht Eurojust ag oscailt cáis i gCóras Bainistithe Cásanna Eurojust agus ag baint úsáid as an córas teicneolaíochta faisnéise (TF) sin chun faisnéis a bhaineann le cásanna a mhalartú le Comhaltaí Náisiúnta na mBallstát eile (nó le hionchúisitheoirí idirchaidrimh i gcás tríú tíortha) atá rannpháirteach sa chás sonrach. Is é is cuspóir don Chóras Bainistithe Cásanna stóráil agus malartú sonraí oibríochtúla pearsanta íogaire a éascú ar bhealach slán, agus coimircí cosanta sonraí á gcomhlíonadh go hiomlán, agus tréimhsí dochta coinneála á n-urramú. Dá bhrí sin, is é an Córas Bainistithe Cásanna croílár thacaíocht Eurojust do na húdaráis náisiúnta.

Tá an Córas Bainistithe Cásanna reatha as dáta go teicniúil, rud a bhí ar cheann de na cúiseanna a bhí ag an gCoimisiún leasú ar Rialachán Eurojust a mholadh in 2021, rialachán a glacadh mar Rialachán (AE) 2023/2131 a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta. Áirítear sa Rialachán sin forálacha maidir le Córas Bainistithe Cásanna lena gcumasaítear dearadh teicniúil nua níos solúbtha, agus lena bhforáiltear d'idirthréimhse a fhágann gur féidir leanúint d'úsáid a bhaint as an 'seanChóras Bainistithe Cásanna' go dtí an 1 Nollaig 2025. Bhí ráiteas airgeadais reachtach ag gabháil leis an togra ón gCoimisiún chun a áirithiú go bhfaigheadh Eurojust na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá chun Córas Bainistithe Cásanna nua a chur ar bun leis na feidhmiúlachtaí uile is gá go dtí an spriocdháta sin.

I litir chuig an gCoimisiún a seoladh i mí na Nollag 2024, chuir Eurojust in iúl gur chúis imní dó a chumas cloí leis an spriocdháta reachtúil chun Córas Bainistithe Cásanna nua a chur ar bun. Deimhníodh an méid sin sa phlé a rinneadh ina dhiaidh sin. Is iad na príomhchúiseanna leis an moill deacrachtaí leis an gconraitheoir seachtrach atá ag tacú le forbairt Córas Bainistithe Cásanna 'nua'. Ina theannta sin, tá i bhfad níos mó ama ag teastáil chun sonraí a aistriú ón 'seanchóras bainistithe cásanna' go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua' agus chun sonraí a fhíorú ná mar a raibh coinne leis, go háirithe ós rud é go bhfuil gá le hidirghabhálacha de láimh mar gheall ar struchtúr casta an 'tseanChórais Bainistithe Cásanna agus mar gheall ar rannpháirtíocht na ndeasc náisiúnta.

Le Rialachán Eurojust, cuirtear d'oibleagáid ar Eurojust na sonraí pearsanta oibríochtúla uile a stóráil sa Chóras Bainistithe Cásanna agus leagtar amach ann toirmeasc ar shonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil in áit eile. Moladh an fhoráil idirthréimhseach ábhartha i Rialachán Eurojust agus ba é ba chuspóir sainráite di go bhféadfadh Eurojust leanúint den seanChóras Bainistithe Cásanna a úsáid go dtí spriocdháta reachtúil an 1 Nollaig 2025, ach an tráth céanna teorainn ama deiridh a shocrú maidir leis an úsáid sin.

Dá mbainfí úsáid as an 'seanChóras Bainistithe Cásanna' tar éis na hidirthréimhse dá bhforáiltear i Rialachán Eurojust, nochtfaí Eurojust do dhliteanas as próiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta oibríochtúla. D'fhéadfaí agóid a dhéanamh in aghaidh próiseáil neamhdhleathach sonraí den sórt sin i nósanna imeachta breithiúnacha náisiúnta agus, ar deireadh, d'fhéadfaí í a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cúirteanna náisiúnta a mheas go bhfuil an fhaisnéis agus an fhianaise a mhalartaítear le tacaíocht ó Eurojust neamh-inghlactha, rud a d'fhéadfadh

tionchar diúltach a imirt ar ionchúiseamh na coire atá idir lámha, agus a d'fhéadfadh tionchar diúltach suntasach a imirt ar an gcomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí trasteorann agus ar an tslándáil san Aontas.

I dtaca leis na rialacha idirthréimhseacha maidir leis an 'mBunachar sonraí fianaise i leith na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí' atá ag Eurojust, ina stóráiltear fianaise a bhaineann le coireanna idirnáisiúnta lena n-áirítear coir an fhogha i gcoinne na hÚcráine, agus a bunaíodh bunaithe ar Rialachán (AE) 2022/838, ós rud é go bhfuil na rialacha sin nasctha le spriocdháta reachtúil an 1 Nollaig 2025 freisin, tá feidhm ag na hábhair imní sin freisin maidir le fianaise a stóráiltear sa bhunachar sonraí sin. Mura ndéantar an bunachar sonraí sin a chomhtháthú sa chóras bainistithe cásanna 'nua' agus má leantar de na sonraí a phróiseáil lasmuigh den chóras bainistithe cásanna 'nua' tar éis an 1 Nollaig 2025, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach ar inghlacthacht na fianaise a bhailítear faoi chuimsiú an Lárionaid Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin, lárionad atá leabaithe i Eurojust, rud a bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith aige ar ionchúisimh os comhair Binse Speisialta maidir le Coir an Fhogha faoin Úcráin a chuirfear ar bun amach anseo.

Dá bhrí sin, tá leasú teicniúil á mholadh ag an gCoimisiún ar an bhforáil ábhartha de Rialachán Eurojust chun a áirithiú go mbeidh úsáid an 'tseanchórais' bainistithe cásanna dleathach go dtí go mbeidh an córas bainistithe cásanna 'nua' ag feidhmiú go hiomlán, agus go dtí go n-aistreofar na sonraí ábhartha chuig an gcóras bainistithe cásanna 'nua'.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá sé i gcomhréir leis an Straitéis um Dhigitiú an Cheartais[1], le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála[2] agus leis an gClár Oibre Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach[3] córas bainistithe cásanna nua úrscothach a bhunú do Eurojust, lena n-áirítear Clár Breithiúnach Eorpach um Chomhrac na Sceimhlitheoireachta atá níos comhtháite agus nuashonraithe ná mar a bhíodh roimhe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra i gcomhréir leis an *acquis* Eorpach maidir le cosaint sonraí. Leagtar amach ann rialacha idirthréimhseacha soiléire is infheidhme maidir le húsáid leanúnach an 'tseanchórais bainistithe cásanna' agus tús an chórais bainistithe cásanna 'nua' agus leagtar síos ann coimircí soiléire don idirthréimhse.

Tá an togra i gcomhréir le digitiú foriomlán an Limistéir Saoirse, Slándála agus Ceartais freisin, go háirithe an creat idir-inoibritheachta[4]. Feabhsóidh an córas bainistithe cásanna

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Digitalisation of justice in the European Union: A toolbox of opportunities [Digitiú an cheartais san Aontas Eorpach: Bosca uirlisí de dheiseanna], COM(2020), 710 final.

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála, COM(2020), 605 final.

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Clár Oibre Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach, COM(2020) 795 final.

4 Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle.

'nua' idir-inoibritheacht le córais TF eile arna mbunú sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais agus éascóidh sé malartuithe agus cuardaigh sa Tairseach Chuardaigh Eorpach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • An bunús dlí

Is é Airteagal 85 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an leasaithe ar bhunús dlí Eurojust. Faoi Airteagal 85 CFAE, tá struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Eurojust le cinneadh le rialachán. Áirítear leis sin bunú agus feidhmiú chóras bainistithe cásanna na Gníomhaireachta freisin.

### • Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar síos in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), níor cheart gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ach amháin nuair nach féidir leis na Ballstáit na haidhmeanna a ghnóthú go leordhóthanach agus, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir í a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin tá gá le cineál agus déine birt ar leith a chur in oiriúint don fhadhb a sainaithníodh.

Tá gá ar leith le gníomhaíocht ón Aontas ós rud é go bhfuil gné bhunúsach AE ag baint leis na bearta atá beartaithe. Is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar chumas Eurojust gníomhú, trí shonraí pearsanta oibríochtúla a mhalartú sa chóras bainistithe cásanna ar bhealach slán. Is é an misean atá ag Eurojust tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha i ndáil le coireacht thromchúiseach, lena n-áirítear sceimhlitheoireacht, a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna. Ní féidir an cuspóir sin a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta. Ní féidir leis na Ballstáit creat dlíthiúil níos iomchuí a chruthú chun déileáil le moilleanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le córas bainistithe cásanna 'nua' a chur ar bun. Dá bhrí sin, is faoin Aontas Eorpach atá sé na hionstraimí atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhunú chun na torthaí sin a bhaint amach i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó le conarthaí an Aontais Eorpaigh.

### • Comhréireacht

De réir phrionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) de CAE, ní mór cineál agus déine birt ar leith a bheith ag freagairt do chineál agus do dhéine na faidhbe a sainaithníodh. Leis na fadhbanna ar fad a dtugtar aghaidh orthu sa togra seo, éilítear tacaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin go héifeachtach.

Is é is aidhm don togra seo an mhoill ar bhunú an chórais bainistithe cásanna 'nua' agus na hiarmhairtí suntasacha a bhaineann leis a mhaolú, trí leasú teicniúil ar fhoráil ábhartha Rialachán Eurojust a mholadh chun a áirithiú go leanfaidh úsáid an 'tseanchórais' bainistithe cásanna de bheith dleathach go dtí go mbeidh an córas bainistithe cásanna 'nua' ag feidhmiú go hiomlán. Gan an leasú sin, ní féidir le Eurojust leanúint de shonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil sa 'seanchóras' bainistithe cásanna tar éis don spriocdháta reachtúil atá ann faoi láthair dul in éag, cé nach féidir leis na sonraí sin a stóráil in áit eile. Dá bhrí sin, ní bheidh sé in ann an ról ríthábhachtach atá aige a chomhlíonadh maidir le tacú leis an gcomhar idir údaráis náisiúnta na mBallstát agus an comhar sin a neartú maidir le foirmeacha tromchúiseacha coireachta a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht. Chun a chur ar chumas Eurojust a chúram ríthábhachtach a chomhlíonadh go hiomlán, is gá idirthréimhse a áirithiú ionas go mbeifear in ann aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua'.

Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Faoi Airteagal 85(1) CFAE, saineofar creat dlíthiúil Eurojust le Rialachán. Tá gá le rialachán freisin chun aon leasú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil sin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Bunaíodh córas bainistithe cásanna Eurojust chun láimhseáil shlán sonraí pearsanta oibríochtúla agus comhlíonadh na dtréimhsí coinneála a leagtar amach i Rialachán Eurojust a áirithiú. Chun nach rachfar timpeall ar na rialacha sin, toirmisctear le Rialachán Eurojust sonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil áit ar bith lasmuigh den chóras bainistithe cásanna.

Chun sonraí a aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua' agus chun cruinneas na sonraí aistrithe a fhíorú, beidh ar an dá chóras feidhmiú go comhthreomhar ar feadh tréimhse áirithe. Beidh dúbailt sonraí mar thoradh air sin agus beidh tionchar aige ar phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí. Mar sin féin, is é is cuspóir don dúbailt shealadach sin aistriú slán chuig an mbonneagar teicniúil nua a chumasú, lena mbreithneofar prionsabal na cosanta sonraí trí dhearadh agus lena n-áiritheofar an tráth céanna na caighdeáin slándála TFC is airde agus lena soláthrófar, dá bhrí sin, coimircí cosanta sonraí níos fearr mar réamhshocrú. Níl aon mhodh eile ann ach oiread atá níos tapúla ná sin chun na sonraí a aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua'. Tá cearta rochtana aonair ag gabháil le go leor de na sonraí a stóráiltear, mar shampla ceangaltáin, ar gá iad a choinneáil de láimh san aistriú. Ina theannta sin, rinne gach deasc náisiúnta sonraí a stóráil ar bhealach difriúil, agus sin an fáth ar gá na sonraí sin a aistriú le tacaíocht agus rannpháirtíocht fhoireann gach deisce náisiúnta. Dá bhrí sin, braitheann an t-aistriú ar a n-ualach oibre agus ar iad a bheith ar fáil freisin. Tá an dúbailt teoranta don mhéid is gá. Féadfaidh Eurojust an 'seanchóras' bainistithe cásanna a úsáid go dtí go mbíonn aistriú agus fíorú na sonraí tugtha i gcrích, agus go dtí an t-am sin amháin, le huasteorainn ama shocraithe an 1 Nollaig 2027. Dá bhrí sin, tá údar leis an tionchar sin ar an íoslaghdú sonraí.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí buiséadacha ann do bhuiséad an Aontais mar thoradh ar an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an leasú atá beartaithe, cuirtear síneadh leis an spriocdháta reachtúil a leagtar amach in Airteagal 80(9) de Rialachán (AE) 2018/1727 chun an 'seanchóras' bainistithe cásanna a choinneáil ar bun agus chun an córas bainistithe cásanna 'nua' a bhunú ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 1 Nollaig 2027. Leis an athrú sin, tabharfar 2 bhliain bhreise do Eurojust chun aistriú rathúil chuig an gcóras bainistithe cásanna 'nua' a áirithiú.

Ina theannta sin, tar éis na leathabairte deireanaí d'Airteagal 80(9) de Rialachán (AE) 2018/1727, lena bhforáiltear go mbeadh ar an 'seanchóras' bainistithe cásanna stop a chur le hoibríochtaí, nuair a théann an córas bainistithe cásanna 'nua' i mbun oibríochtaí, cuirtear leathabairt bhreise leis chun a áirithiú gur féidir le Eurojust na sonraí a aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna chuig an córas bainistithe cásanna 'nua'. Éilíonn an t-aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua' idirghabháil shuntasach de láimh toisc go stórálann gach deasc náisiúnta de chuid Eurojust faisnéis agus ceangaltáin ar bhealach difriúil, próiseas a mbeidh roinnt míonna ag teastáil ina leith. Tar éis na sonraí a aistriú, beidh gá lena gcruinneas a fhíorú sular féidir stop a chur le hoibríochtaí an 'tseanchórais' bainistithe cásanna. Mar sin féin, ní mór an idirthréimhse sin a bheith teoranta ó thaobh ama de. Féadfar an seanchóras bainistithe cásanna a úsáid go dtí go mbeidh an córas bainistithe cásanna 'nua' i bhfeidhm agus go dtí go mbeidh aistriú na sonraí agus fíorú chruinneas na sonraí curtha i gcrích, agus go dtí an t-am sin amháin, nó go dtí spriocdháta reachtúil deiridh an 1 Nollaig 2027, nach bhféadfar an seanchóras bainistithe cásanna a úsáid a thuilleadh ina dhiaidh. Leis an spriocdháta reachtúil leathnaithe sin, tugtar go leor ama do Eurojust córas bainistithe cásanna 'nua' a bhunú, agus uasteorainn ama a leagan síos sa bhunús dlí féin an tráth céanna.

2025/0074 (COD)

Togra le haghaidh

## RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

### lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse ama chun córas bainistithe cásanna Eurojust a bhunú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 85 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] bunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus leagtar amach ann a chúraimí, inniúlachtaí agus feidhmeanna.

(2) Chun na sonraí pearsanta oibríochtúla go léir a stóráil ar bhealach slán, bhunaigh Eurojust córas bainistithe cásanna ina bhfuil comhaid oibre shealadacha agus innéacs. Tríd an gcóras bainistithe cásanna, déanann comhaltaí náisiúnta Eurojust an fhaisnéis uile a bhaineann le cásanna a mhalartú ar bhealach slán agus i gcomhréir iomlán leis na rialacha maidir le cosaint sonraí. Ní fhéadfaidh Eurojust aon chomhad sonraí uathoibrithe eile a bhunú chun sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil.

(3) Le Rialachán (AE) 2023/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] leasaíodh Rialachán (AE) 2018/1727 chun an creat dlíthiúil a sholáthar le haghaidh córas bainistithe cásanna nuachóirithe. Is é is aidhm don chóras bainistithe cásanna nua sin feidhmiúlachtaí an Chláir Bhreithiúnaigh Eorpaigh um Chomhrac na Sceimhlitheoireachta a chomhtháthú agus a chumasú agus feabhas a chur ar chumas Eurojust naisc a shainaithint idir imeachtaí breithiúnacha trasteorann i gcoinne daoine faoi dhrochamhras i gcionta sceimhlitheoireachta agus faisnéis arna próiseáil ag Eurojust a bhaineann le cásanna eile de choireanna tromchúiseacha agus, mar riail, leas iomlán á bhaint as sásraí náisiúnta agus sásraí de chuid an Aontais atá ann cheana chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile.

---

5 Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus lena n- ionadaítear agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1727/oj).

6 Rialachán (AE) 2023/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta (IO L, 2023/2131, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2131/oj).

(4) Is é an 1 Nollaig 2025 an spriocdháta chun an córas bainistithe cásanna nua a bhunú. Mar gheall ar thosca seachtracha agus castacht an aistrithe, áfach, ní bheidh Eurojust in ann an córas bainistithe cásanna nua a chur ar bun laistigh den spriocdháta sin. Dá bhrí sin, go dtí go mbunófar an córas bainistithe cásanna nua, is gá foráil a dhéanamh go bhféadfaidh Eurojust leanúint d'úsáid a bhaint as an gcóras bainistithe cásanna ina bhfuil comhaid oibre shealadacha agus innéacs.

(5) Chun go mbeidh Eurojust in ann oibríocht agus idir-inoibritheacht an chórais bainistithe cásanna nua a thástáil agus a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], agus chun na sonraí a aistriú ón gcóras bainistithe cásanna ina bhfuil comhaid oibre shealadacha agus innéacs chuig an gcóras bainistithe cásanna nua, is gá síneadh a chur leis an spriocdháta.

(6) Ba cheart Eurojust a bheith in ann an córas bainistithe cásanna ina bhfuil comhaid oibre shealadacha agus innéacs a choinneáil ar bun tar éis don chóras bainistithe cásanna nua dul i mbun oibríochtaí chun na sonraí ón gcóras bainistithe cásanna ina bhfuil comhaid oibre shealadacha agus innéacs a aistriú chuig an gcóras bainistithe cásanna nua agus cruinneas na sonraí aistrithe a fhíorú, ach níor cheart a bheith in ann déanamh amhlaidh tar éis an 1 Nollaig 2027. Trí shíneadh 2 bhliain a chur leis an tréimhse ama atá ann faoi láthair chun an córas nua bainistithe cásanna a bhunú, ba cheart dóthain ama a thabhairt do Eurojust chun bunú an chórais nua bainistithe cásanna a thabhairt chun críche, agus teorainn á cur ag an am céanna leis an tréimhse ina gceadaítear go heisceachtúil dúbláil sonraí pearsanta oibríochtúla.

(7) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an …,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an [...],

[7] Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, 22.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1727**

In Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2018/1727, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

'9. Féadfaidh Eurojust leanúint den chóras bainistithe cásanna ina bhfuil comhaid oibre shealadacha agus innéacs a úsáid go dtí an 1 Nollaig 2027, mura rud é go bhfuil an córas bainistithe cásanna nua i bhfeidhm cheana féin, agus go mbeidh aistriú na sonraí ón gcóras bainistithe cásanna ina bhfuil comhaid oibre shealadacha agus innéacs, agus fíorú ar a gcruinneas curtha i gcrích roimhe sin.'

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH REACHTACH

1. FRAMEWORK OF THE PROPOSAL/INITIATIVE ... 2
1.1. Title of the proposal/initiative ... 2
1.2. Policy area(s) concerned ... 2
1.3. Objective(s) ... 2
1.3.1. General objective(s) ... 2
1.3.2. Specific objective(s) ... 2
1.3.3. Expected result(s) and impact ... 2
1.3.4. Indicators of performance ... 2
1.4. The proposal/initiative relates to: ... 3
1.5. Grounds for the proposal/initiative ... 3
1.5.1. Requirement(s) to be met in the short or long term including a detailed timeline for roll-out of the implementation of the initiative ... 3
1.5.2. Added value of EU involvement (it may result from different factors, e.g. coordination gains, legal certainty, greater effectiveness or complementarities). For the purposes of this section 'added value of EU involvement' is the value resulting from EU action, that is additional to the value that would have been otherwise created by Member States alone. ... 3
1.5.3. Lessons learned from similar experiences in the past ... 3
1.5.4. Compatibility with the multiannual financial framework and possible synergies with other appropriate instruments ... 3
1.5.5. Assessment of the different available financing options, including scope for redeployment ... 4
1.6. Duration of the proposal/initiative and of its financial impact ... 4
1.7. Method(s) of budget implementation planned ... 4
2. MANAGEMENT MEASURES ... 4
3. ESTIMATED FINANCIAL IMPACT OF THE PROPOSAL/INITIATIVE ... 4
4. DIGITAL DIMENSIONS ... 4

1. **LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. **Teideal an togra/tionscnaimh**

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le síneadh a chur leis an tréimhse ama chun Córas Bainistithe Cásanna Eurojust a bhunú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727

1.2. **Réimsí beartais lena mbaineann**

Réimse beartais: An ceartas agus cearta bunúsacha

Gníomhaíocht: Infheistíocht i ndaoine, comhtháthú sóisialta agus luachanna

071007: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

1.3. **Cuspóirí**

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Bunaithe ar Rialachán leasaitheach 2023/2131, tá Eurojust ag obair ar chóras bainistithe cásanna nua a chur ar bun. Mar gheall ar mhoilleanna i bhforbairt an chonraitheora sheachtraigh agus mar gheall ar an tréimhse fhada a bheidh ag teastáil chun sonraí a aistriú, ní bheidh Eurojust in ann an córas bainistithe cásanna 'nua' a chur ar bun agus na sonraí oibríochtúla go léir a aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua' laistigh den spriocdháta dlíthiúil. Is é an cuspóir foriomlán a áirithiú go bhfanfaidh an phróiseáil sonraí a dhéanann Eurojust de bheith dlíthiúil trí shíneadh a chur leis an spriocdháta dlíthiúil chun an córas bainistithe cásanna 'nua' a chur ar bun.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Tagann an cuspóir sonrach ón gcuspóir ginearálta mar a leagtar amach thuas:

Cuspóir sonrach 1:

Chun a áirithiú nach féidir agóid a dhéanamh i gcoinne cásanna ionchúisimh ar an leibhéal náisiúnta a dtacaíonn Eurojust leo bunaithe ar an éileamh go raibh sonraí i seilbh Eurojust ar bhealach neamhdhleathach.

Cuspóir sonrach 2:

Chun a áirithiú gur féidir le Eurojust an córas nua a thástáil agus na sonraí oibríochtúla a aistriú ón seanchóras bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua'.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil coinne leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

An t-aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua' a rianú agus dlíthiúlacht na sonraí a áirithiú le linn an phróisis.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

- An córas bainistithe cásanna nua a bhunú agus sonraí a aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua' faoin 1 Nollaig 2027.

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[8]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

| |
|---|
| Beidh ar Eurojust an fhorbairt a thabhairt chun críche, dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, an córas bainistithe cásanna 'nua' a bhunú agus a thástáil agus na sonraí oibríochtúla a aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua' agus cruinneas na sonraí a fhíorú go dtí an 1 Nollaig 2027. |

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

| |
|---|
| Leis an gcóras bainistithe cásanna 'nua', beidh tacaíocht Eurojust d'údaráis inniúla náisiúnta níos éifeachtúla agus éascófar obair dheasca náisiúnta Eurojust go suntasach trí phróisis a dhigitiú. Leis sin, beifear in ann naisc trasteorann idir cásanna a osclaítear i mBallstáit éagsúla a shainaithint ar bhealach níos fearr agus, dá bhrí sin, cuirfear feabhas ar an gcomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí trasteorann. |

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| |
|---|
| Is minic a bhíonn moilleanna suntasacha i gceist le tionscadail mhóra TF a fhorbairt toisc go bhfuil sé deacair an fhorbairt a thuar. Chomh maith leis sin, cuireadh moill ar an bhforbairt mar gheall ar dheacrachtaí leis an gconraitheoir seachtrach agus mar gheall ar an tréimhse fhada a thógfaidh sé sonraí oibríochtúla a aistriú ón 'seanchóras' bainistithe cásanna go dtí an córas bainistithe cásanna 'nua', rud nach raibh coinne leis. Dá bhrí sin, cuirtear síneadh 2 bhliain eile leis an spriocdháta. |

*1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Ní bheidh aon impleachtaí buiséadacha ann do bhuiséad an Aontais mar thoradh ar an togra seo. Cumhdaítear an tionchar buiséadach ar bhunú córas bainistithe cásanna 'nua' cheana féin leis an ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2131. |

8 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Cumhdaítear an tionscnamh seo cheana féin leis an ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2131.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

Ní bhaineann le hábhar

**1.7. An modh/na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[9]**

Ní bhaineann le hábhar

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

Ní bhaineann le hábhar

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

Ní bhaineann le hábhar

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

Déantar foráil sa togra seo maidir le síneadh a chur leis an tréimhse ama chun córas bainistithe cásanna nua Eurojust a bhunú ionas go mbeidh Eurojust in ann oibríocht agus idir-inoibritheacht an chórais nua sin a thástáil agus a áirithiú, agus ionas go mbeifear in ann na sonraí ábhartha a aistriú. Cé go leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 leis an togra, ar cuid de dhigitiú an phacáiste ceartais é, ní thugtar isteach leis aon cheanglas nua atá ábhartha maidir le cúrsaí digiteacha. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an bprionsabal 'digiteach mar réamhshocrú'. Cé gur léir go bhfuil sé an-ábhartha maidir le cúrsaí digiteacha córas bainistithe cásanna 'nua' a bhunú, ní thagann sé faoi raon feidhme an ráitis dhigitigh seo.

[9] Tá mionsonraí maidir le modhanna chun an buiséad a chur chun feidhme agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.